CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2020/170 ÓN GCOMHAIRLE

an 6 Feabhra 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2010/231 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2010/231 ([1]).

(2) An 15 Samhain 2019, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2498 (2019). Athdhearbhaítear leis an Rún sin trádbhac arm ginearálta iomlán ar an tSomáil agus déantar leasú ann ar na díolúintí, na réamhfhormheasanna agus na fógraí maidir le hairm agus ábhar gaolmhar a sheachadadh don tSomáil. Athdhearbhaítear leis an Rún sin an toirmeasc ar fhioghual a allmhairiú ón tSomáil, agus tugtar isteach leis freisin srianta ar ghairis phléascacha sheiftithe a dhíol leis an tSomáil, a sholáthar nó a aistriú chuici.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2010/231 a leasú dá réir.

(4) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe den Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/231(CBES) mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas,

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad míreanna3, 4 agus 4a:

‘3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, agus soláthar díreach nó indíreach comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha lena n-úsáid ag pearsanra na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe sa tSomáil, nó chun tacú leo agus sin amháin;

(b) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, agus soláthar díreach nó indíreach comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha lena n-úsáid ag Misean an Aontais Afracaigh sa tSomáil (AMISOM) nó chun tacú leo, agus sin amháin;

(c) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, agus soláthar díreach nó indíreach comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha lena n-úsáid ag comhpháirtithe straitéiseacha AMISOM, nó chun tacú leo, agus sin amháin, agus iad ag feidhmiú faoi Choincheap Straitéiseach an Aontais Afracaigh (AA) an 5 Eanáir 2012, agus faoin gCoincheap sin amháin (nó faoi choincheapa straitéiseacha de chuid an Aontais Afracaigh ina dhiaidh sin), agus i gcomhar agus i gcomhordú le AMISOM;

([1]) Cinneadh 2010/231/CBES an 26 Aibreán 2010 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES (IO L 105, 27.4.2010, lch. 17).

(d) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, agus soláthar díreach nó indíreach comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha lena n-úsáid ag Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh chun na Somáile (EUTM) nó chun tacú leis, agus leis an Misean sin amháin;

(e) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál atá ceaptha lena n-úsáid ag Ballstáit nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó foréigiúnacha atá ag tabhairt faoi bhearta chun gníomhartha píoráideachta agus robáil armtha amach ó chósta na Somáile a chur faoi chois, arna iarraidh sin do Rialtas Cónaidhme na Somáile agus a bhfuil fógra tugtha don Ardrúnaí ina leith agus ar choinníoll go mbeidh aon bhearta a dhéanfar comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine is infheidhme;

(f) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata a sholáthar atá ceaptha d'fhorbairt Fhórsaí Náisiúnta Slándála na Somáile, nó institiúidí earnáil slándála na Somáile, seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile agus chuige sin amháin. Beidh seachadadh na n-earraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III, agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata faoi réir na gceanglas ábhartha formheasa nó fógartha mar a leanas:

(i) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn II atá ceaptha d'fhorbairt Fhórsaí Náisiúnta Slándála na Somáile, nó institiúidí earnáil slándála na Somáile, seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile, faoi réir formheas roimh ré ag an gCoiste Smachtbhannaí ar bhonn cás ar chás, de réir mar a leagtar amach i míreanna 4a agus 4b den Airteagal seo;

(ii) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha d'fhorbairt Fhórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile, agus na heagraíochtaí sin amháin, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile, faoi réir réamhfhógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí mar a leagtar amach i míreanna 4 agus 4b den Airteagal seo;

(iii) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata arna ndéanamh ag Ballstáit nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó foréigiúnacha atá ceaptha ar mhaithe le hinstitiúidí earnáil slándála na Somáile a fhorbairt, seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile, agus ar mhaithe leis sin amháin, faoi réir réamhfhógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí mar a leagtar amach i mír 4b den Airteagal seo, agus féadfar an méid sin a sholáthar mura bhfaightear cinneadh diúltach ón gCoiste Smachtbhannaí, laistigh de chúig lá oibre, tar éis fógra den sórt sin a fháil;

(g) soláthar, díol nó aistriú éadaí cosanta, lena n-áirítear seaicéid philéardhíonacha agus clogaid mhíleata arna n-onnmhairiú go sealadach chuig an tSomáil ag pearsanra na Náisiún Aontaithe, ionadaithe na meán agus oibrithe daonnúla agus forbartha agus pearsanra gaolmhar dá n-úsáid phearsanta amháin;

(h) soláthar, díol nó aistriú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh atá ceaptha don úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, a dtugann an Ballstát soláthair nó eagraíocht idirnáisiúnta, réigiúnach nó foréigiúnach soláthair fógra don Choiste Smachtbhannaí faoi cúig lá oibre roimh ré, mar fhaisnéis dó;';

'4. Is ar Rialtas Cónaidhme na Somáile atá an phríomhfhreagracht as fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí, cúig lá oibre, ar a laghad, roimh aon airm nó ábhar gaolmhar d'aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III nó aon chomhairle theicniúil, cúnamh airgeadais, cúnamh eile nó oiliúint a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, a sheachadadh d'Fhórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile, mar a leagtar amach faoi phointe (f) ii de mhír 3 den Airteagal seo. De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a sheachadann airm agus ábhar gaolmhar nó comhairle theicniúil, cúnamh airgeadais agus cúnamh eile agus oiliúint a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata d'Fhórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile, fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí cúig lá oibre ar a laghad roimh ré, agus an comhlacht comhordúcháin náisiúnta ábhartha i Rialtas Cónaidhme na Somáile a chur ar an eolas faoin bhfógra agus cúnamh teicniúil le nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a chur ar fáil do Rialtas Cónaidhme na Somáile i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le míreanna 13 agus 14 de Rún 2498 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Áireofar sna fógraí sonraí faoi mhonaróir agus soláthraí na n-arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, tuairisc ar na hairm agus ar an armlón lena n-áirítear an cineál, an calabra agus an chainníocht, an dáta agus an áit seachadta atá beartaithe, agus gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an aonad cinn scríbe i bhFórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile nó an áit stórála atá beartaithe.';

‘4a. Is ar Rialtas Cónaidhme na Somáile atá an phríomhfhreagracht as réamhfhormheas a iarraidh ón gCoiste Smachtbhannaí, cúig lá oibre, ar a laghad, roimh aon airm nó ábhar gaolmhar d’aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Iarscríbhinní III a sheachadadh d’Fhórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile, mar a leagtar amach i bpointe (f)(ii) de mhír 3 den Airteagal seo. De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a bheidh ag seachadadh earraí den sórt sin réamhfhormheas a iarraidh ón gCoiste Smachtbhannaí, agus an comhlacht comhordúcháin náisiúnta ábhartha i Rialtas Cónaidhme na Somáile á chur ar an eolas faoin réamhfhormheas, agus cúnamh teicniúil lena mbeidh nósanna imeachta um fhógra a thabhairt ag gabháil i gcás inarb iomchuí, agus cúnamh á chur ar fáil do Rialtas Cónaidhme na Somáile, i gcomhréir le míreanna 13 agus 14 de Rún 2498 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Áireofar sna hiarrataí ar fhormheas sonraí faoi mhonaróir agus soláthraí na n-arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, tuairisc ar na hairm agus ar an armlón lena n-áirítear an cineál, an calabra agus an chainníocht, an dáta agus an áit seachadta atá beartaithe, agus gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an aonad cinn scríbe i bhFórsaí Slándála Náisiúnta na Somáile nó an áit stórála atá beartaithe.’;

(ii) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4b. Iarrfaidh na Ballstáit formheas ón gCoiste Smachtbhannaí nó tabharfaidh siad fógra dó, dé réir mar is infheidhme, faoi a sheachadadh aon airm agus ábhar gaolmhar d’aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III, aon chomhairle theicniúil, cúnamh airgeadais agus cúnamh eile, agus oiliúint a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata a chur ar fáil d’institiúidí earnáil slándála na Somáile seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile de bhun phointí (f) (i) agus (iii), de mhír 3, agus cuirfidh siad Rialtas Cónaidhme na Somáile ar an eolas ag an am céanna, cúig lá oibre, ar a laghad, roimh ré.’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (5):

‘5. Aon airm nó trealamh míleata arna ndíol nó arna soláthar chun críocha Fhórsaí Náisiúnta Slándála na Somáile, nó institiúidí earnáil slándála na Somáile a fhorbairt, seachas iad siúd a bhaineann le Rialtas Cónaidhme na Somáile, agus ar mhaithe leis sin amháin, beidh toirmeasc ar iad sin a sholáthar, a athdhíol, a aistriú nó a chur ar fáil lena n-úsáid d’aon duine aonair nó d’aon eintiteas nach bhfuil ag fónamh i bhFórsaí Náisiúnta Slándála na Somáile nó in institiúidí earnáil slándála na Somáile lenar díoladh iad nó dá soláthraíodh iad I dtosach ná sa Bhallstát soláthair nó díolacháin nó san eagraíocht idirnáisiúnta, réigiúnach nó foréigiúnach soláthair nó díolacháin.’;

(2) Cuirtear Airteagal 1c nua isteach mar a leanas:

‘*Airteagal 1c:*

‘1. Faoi réir Airteagal 1(3), comhpháirteanna gaireas pléascach seiftithe atá ar Liosta comhchoiteann míleata an Aontais Eorpaigh, agus a atáirgtear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo, toirmiscfear ar náisiúnaigh de Bhallstáit nó ó chríocha na mBallstát, iad a sholáthar go díreach nó go hindíreach don tSomáil, a dhíol léi nó a aistriú chuici, bíodh siad de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

2. Beidh soláthar díreach nó indíreach, díol nó aistriú chuig an tSomáil comhpháirteanna gaireas pléascach seiftithe eile, mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir údarú a fháil roimh ré ó údaráis inniúla na mBallstát. Ní dheonóidh siad an t-údarú sin má tá go leor fianaise ann lena léiriú go n-úsáidfear an t-earra/na hearraí, nó má tá riosca suntasach ann go n-úsáidfear iad, le haghaidh gairis phléascacha seiftithe a mhonarú sa tSomáil.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choiste faoi dhíol, soláthar nó aistriú na n-earraí dá dtagraítear i mír 2, laistigh de 15 lá oibre, tar éis an díolacháin, an tsoláthair nó an aistrithe. Áireofar sna fógraí gach faisnéis ábhartha, lena n-áirítear an cuspóir atá le húsáid an earra nó na n-earraí, an t-úsáideoir deiridh, na sonraíochtaí teicniúla agus méid an earra nó na n-earraí atá le seoladh. Áiritheoidh siad go dtabharfar cúnamh airgeadais agus cúnamh teicniúil leordhóthanach do Rialtas Cónaidhme na Somáile agus do na Ballstáit Chónaidhme chun coimircí iomchuí a bhunú do stóráil agus dáileadh ábhar den sórt sin.

4. Cuirfidh na Ballstáitchun cinn daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá faoi réir a ndlínse a bheith san airdeall dtaca le maidir le soláthar, díol nó aistriú díreach nó indíreach réamhtheachtaithe pléascán agus ábhar chuig an tSomáil a d'fhéadfaí a úsáid chun gairis phléascacha seiftithe a mhonarú, seachas na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gCinneadh seo. Coimeádfaidh na Ballstáit taifid ar idirbhearta a bhfuil siad ar an eolas fúthu maidir le ceannacháin amhrasacha nó fiosrúcháin amhrasacha faoi earraí eile den sórt sin ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha sa tSomáil, agus roinnfidh siad an fhaisnéis sin le Rialtas Cónaidhme na Somáile, leis an gCoiste Smachtbhannaí agus leis an bPainéal Saineolaithe maidir leis an tSomáil.

(3) Cuirtear Iarscríbhinn I in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(4) Cuirtear Iarscríbhinn III isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(5) Cuirtear Iarscríbhinn IV isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(6) Cuirtear Iarscríbhinn V isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Feabhra 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN II

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR I bhFOPHOINTE I DE PHOINTE (F) d'AIRTEAGAL 1(3)

1. Diúracáin dromchla go haer, lena n-áirítear córais aerchosanta iniompartha(MANPADS);

2. Airm a bhfuil calabra níos mó ná 12.7 mm acu, agus comhpháirteanna atá saindeartha dóibh sin, agus an t-armlón a ghabhann leo. (Ní áirítear leis sin teilgeoirí roicéad fritancanna arna scaoileadh ón ngualainn amhail gránáidí roicéadtiomána (RPGanna), córais arm uathrialaitheach marfach (LAWanna), gránáidí raidhfil nó teilgeoirí gránáide.);

3. Moirtéir le calabra níos mó na 82 mm agus an t-armlón a ghabhann leo;

4. Airm threoraithe fritancanna, lena n-áirítear diúracáin threoraithe fritancanna (ATGManna) agus armlón agus comhpháirteanna atá saindeartha do na hearraí sin;

5. Lánáin agus gléasanna atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata; mianaigh agus ábhar gaolmhar;

6. Treoracha airm le cumas oíche;

7. Aerárthaí atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata (ciallaíonn "aerárthach" feithicil sciatháin dhobhogtha, fiarsciatháin, rótarárthach, feithicil chlaonrótair nó sciatháin chlaonta, nó héileacaptar.);

8. "Soithí" agus feithiclí amfaibiacha atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata. (Áirítear le 'soitheach' aon long, feithicil a bhfuil éifeachtaí dromchlacha aici, feithicil a bhfuil limistéar beag plána uisce nó duillárthach aici, agus cabhail nó cuid de chabhail soithigh.);

9. Aerárthaí comhraic gan foireann (arna liostáil faoi Chatagóir IV i gClár na Náisiún Aontaithe um Ghnáth-Arm)."

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN III

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTÍ (F)(II) AGUS (III) d'AIRTEAGAL 1(3)

1. Gach cineál arm a bhfuil calabra suas le 12.7 mm aige, agus an t-armlón a ghabhann leo;

2. RPG-7 agus gunna neamh-athchasta, agus armlón lena mbaineann;

3. Clogaid arna monarú de réir caighdeán nó sonraíochtaí míleata, nó de réir caighdeán náisiúnta inchomparáide;

4. Armúr colainne nó baill éadaigh chosanta, mar a leanas:
   (a) Armúr bog colainne nó baill éadaigh cosanta, arna monarú de réir caighdeáin nó sonraíochtaí míleata nó a gcoibhéisí (áirítear le caighdeáin nó sonraíochtaí míleata, ar a laghad, sonraíochtaí maidir le cosaint ó bhloghadh);
   (b) Plátaí armúir colainne crua a thugann cosaint bhalaistíoch atá ar leibhéal III (NIJ 0101.06, Iúil 2008) nó coibhéisí náisiúnta, nó atá níos airde ná an leibhéal sin;

5. Feithiclí talún atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata;

6. Trealamh cumarsáide atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata;

7. Trealamh ionadaithe córas domhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS) atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata."

Iarscríbhinn III

"IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR I MÍR 1 d'AIRTEAGAL 1C:

1. Teitril (trínítrifeinilmeitilnítrimín);

2. Trealamh atá saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus atá saindeartha chun gairis phléascacha seiftithe (IEDanna) a ghníomhachtú, a chumhachtú le haghaidh aschur oibríochtúil aonuaire, a dhíluchtú nó a mhadhmadh.

3. "Teicneolaíocht" atá "riachtanach" chun na hearraí a liostaítear i míreanna 1 agus 2 a "tháirgeadh" nó a "úsáid". (Is as liosta comhchoiteann míleata an Aontais Eorpaigh a thógtar na sainmhínithe ar na téarmaí atá idir "comharthaí dúbailte athfhriotail" ([1]).)"

([1]) IO C 98, 15.3.2018, lch. 1.

IARSCRÍBHINN IV

"IARSCRÍBHINN V

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ nTAGRAÍTEAR I MÍR 2 d'AIRTEAGAL 1C:

1. Trealamh agus gairis, nach bhfuil sonraithe le mír 2 in Iarscríbhinn IV, atá saindeartha chun pléascáin a thionscnamh ar mhodhanna leictreacha nó neamhleictreacha (e.g. gairis lámhachta, maidhmitheoirí, adhainteoirí, corda maidhmitheach).

2. "Teicneolaíocht" atá "riachtanach" chun na hearraí a liostaítear i mír 1 a "tháirgeadh" nó a "úsáid". (Is as liosta comhchoiteann míleata an Aontais Eorpaigh a thógtar na sainmhínithe ar na téarmaí atá idir "comharthaí dúbailte athfhriotail".)

3. Na hábhair phléascacha, mar a leanas, agus meascáin ina bhfuil ceann amháin nó níos mó díobh:
   (a) Ola Bhreosla Níotráite Amóiniam (ANFO);
   (b) Nítriceallalós (ina bhfuil níos mó ná 12.5 % nítrigin w/w);
   (c) Nítrighliocól;
   (d) Teitriníotráit pheinteiritríotóil (PETN);
   (e) Clóiríd phicrile;
   (f) 2,4,6 -Trínítreatolúéin (TNT).

4. Réamhtheachtaithe pléascán:
   (a) Níotráit amóiniam;
   (b) Níotráit photaisiam;
   (c) Clóráit sóidiam;
   (d) Aigéad nítreach;
   (e) Aigéad sulfarach."